



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1018 ÓN gCOIMISIÚN
an 7 Bealtaine 2026

maidir le hullmhóid de *Saccharomyces cerevisiae* NBRC 0203 agus *Lactocaseibacillus rhamnosus* NBRC 3425 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas ar ullmhóid de *Saccharomyces cerevisiae* NBRC 0203 agus *Lactocaseibacillus rhamnosus* NBRC 3425. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (3) Baineann an t-iarratas le hullmhóid de *Saccharomyces cerevisiae* NBRC 0203 agus *Lactocaseibacillus rhamnosus* NBRC 3425. a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarrtar ann go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais'.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 18 Meán Fómhair 2025 ⁽²⁾ maidir leis an ullmhóid arb é atá inti *Saccharomyces cerevisiae* NBRC 0203 agus *Lactocaseibacillus rhamnosus* NBRC 3425, go bhfuil sí sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol. Maidir le sábháilteacht úsáideoirí, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur cheart a mheas gur íogróir craicinn agus riospráide í an ullmhóid, agus meastar gur riosca é aon nochtheadh tríd an gcaiceann agus tríd an gconair riospráide. Mar sin féin, níorbh fhéidir leis an Údarás teacht ar chonclúid maidir lena hacmhainneacht a bheith ina greannaitheoir súl. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhféadfaí feabhas a chur ar cháilíocht táirgthe agus choipthe sadhlais atá déanta as ábhar plandaí úr a bhfuil sé éasca measartha deacair sadhlais a dhéanamh as tríd an ullmhóid a chur leis ar íosleibhéal 4×10^2 ADC de *Saccharomyces cerevisiae* NBRC 0203 agus $3,2 \times 10^6$ ADC de *Lactocaseibacillus rhamnosus* NBRC 3425/kg. D'fhóraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid de *Saccharomyces cerevisiae* NBRC 0203 agus *Lactocaseibacillus rhamnosus* NBRC 3425 na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na hullmóide sin a údarú le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2025;23(10):e9698, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9698>.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, arb ullmhóid í a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					ADC/kg d'ábhar úr			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais								
1k1803	<i>Saccharomyces cerevisiae</i> NBRC 0203 agus <i>Lacticaseibacillus rhamnosus</i> NBRC 3425	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Ullmhóid de <i>Saccharomyces cerevisiae</i> NBRC 0203 agus <i>Lacticaseibacillus rhamnosus</i> NBRC 3425 ina bhfuil íosmhéid 5 × 10³ ADC de <i>Saccharomyces cerevisiae</i> NBRC 0203 agus 4 × 10² ADC de <i>Lacticaseibacillus rhamnosus</i> NBRC 3425/mL de bhreiseán Foirm leachtach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Cealla inmharthana <i>Saccharomyces cerevisiae</i> NBRC 0203 agus <i>Lacticaseibacillus rhamnosus</i> NBRC 3425 <i>Modh anailíse</i> ⁽¹⁾ Sainaithint <i>Saccharomyces cerevisiae</i> NBRC 0203: — Modhanna seicheamhaithe ADN nó Imoibrithe Slabhrúla Polaiméaráise (PCR) – CEN/TS 15790 Sainaithint <i>Lacticaseibacillus rhamnosus</i> NBRC 3425: — Modhanna seicheamhaithe ADN nó Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) – CEN/TS 17697 Áireamh <i>Saccharomyces cerevisiae</i> NBRC 0203 sa bhreiseán beathaithe: — Modh an leata nó an doirte ar phláta ar agar YGC – EN 15789	Gach speiceas ainmhíoch	—	—	—	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála. 2. Íosdáileog an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i dteaghlaim le miocrorgánaigh agus/nó einsímí eile mar bhreiseáin sadhlais: 4,0 × 10² ADC de <i>Saccharomyces cerevisiae</i> NBRC 0203 agus 3,2 × 10⁶ ADC de <i>Lacticaseibacillus rhamnosus</i> NBRC 3425/kg d'ábhar plandaí úr. 3. Ní úsáidfear an breiseán ach amháin le hábhar plandaí úr a bhfuil sé éasca sadhlas a dhéanamh as agus a bhfuil sé measartha deacair sadhlas a dhéanamh as ⁽²⁾. 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh	an 28 Bealtaine 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					ADC/kg d'ábhar úr			
		Áireamh <i>Lacticaseibacillus rhamnosus</i> NBRC 3425 sa bhreiseán beathaithe: — Modh an leata nó an doirte ar phláta ar agar MRS – EN 15787					eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh- mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú.	

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

(²) Foráiste a bhfuil sé éasca sadhlas a dhéanamh as: > 3 % carbaihiodráití intuaslagtha ina ábhar úr; foráiste a bhfuil sé measartha deacair sadhlas a dhéanamh as: 1,5-3,0 % carbaihiodráití intuaslagtha san ábhar úr i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2008 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le hiarratais a ullmhú agus leis an méid atá le cur i láthair sna hiarratais agus a mhéid a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar bhreiseáin bheathaithe agus na breiseáin sin a údarú (IO L 133, 22.5.2008, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/429/oj>).